

[06_05.mp3](#)

Téipscrip **Bileog 6.5**

- Jan: Cad é mar atá tú?
Máire: Tá mé go maith, agus tú féin?
Jan: Níl mé ró-iontach. Is fuath liom Dé Luain. Ní maith liom a bheith ar ais ag obair.
Máire: An ndearna tú aon rud deas ag an deireadh seachtaine?
Jan: Rinne. Rinne mé a lán rudaí suimiúla. Bhí cara ón Ghearmáin ag fanacht liom don deireadh seachtaine. D’ól muid cúpla pionta Guinness. D’imir muid galf. D’amharc muid ar chluiche rugbaí agus chuaigh muid ag siúl sléibhe.
Máire: Maith thú! Bhí tú gnóthach.
Jan: Agus cad é a rinne tusa ag an deireadh seachtaine?
Máire: Ní dhearna mé faic, le bheith fírinneach. Bhuail mé le Cormac oíche Dé hAoine ach sin é.
Jan: Cormac?!

[06_06.mp3](#)

Téipscrip **Bileog 6.6**

1. Chuaigh mé chuig ceolchoirm.
2. Chuaigh mé go Baile Átha Cliath.
3. Ní dheachaigh mé go dtí an baile mór.
4. Chuaigh mé chuig cóisir oíche aréir.
5. Ní dheachaigh mé go dtí an siopa go fóill.
6. Ní dheachaigh mé chuig scannán le fada.
7. Chuaigh mé go Dún na nGall maidin inné.
8. Ní dheachaigh mé go dtí an teach tábhairne.
9. Chuaigh mé go dtí an pháirc tráthnóna inné.
10. Chuaigh mé chuig céilí Dé hAoine seo caite.

[06_09.mp3](#)

Téipscrip **Bileog 6.9**

Agallamh na Seachtaine – Éist le Pól ag déanamh cur síos ar an deireadh seachtaine a bhí aige.

- Sinéad: Hi, a Phóil. Chuala mé gur chaith tú an deireadh seachtaine i gCorcaigh. Abair liom, conas mar a bhí sé?
Pól: Bhuel, tá an chathair go hálainn ar fad. Bhí an aimsir go deas agus bhí a lán rudaí le déanamh sa chathair.
Sinéad: Cad a rinne tú mar sin le linn an deireadh seachtaine?
Pól: Chuaigh mé féin agus mo bhean chéile chuig dráma úr de chuid Brian Friel oíche Dé hAoine. Chuaigh muid go dtí an amharclann úr i lár na cathrach. Bhí sé go hiontach.
Sinéad: An ndearna tú aon rud suimiúil ansin Dé Sathairn?

- Pól: D'ith muid bricfeasta an-deas ar maidin i gcaife in aice leis an abhainn. Rinne muid píos beag siopadóireachta i rith an lae nuair a bhí muid ag siúl timpeall na cathrach.
- Sinéad: Ar cheannaigh tú aon rud deas?
- Pól: Cheannaigh. Cheannaigh mé cúpla bronntanas do na páistí. Agus ansin thug muid cuairt ar chúpla iarsmalann sa tráthnóna agus san oíche d'ith muid béile deas traidisiúnta i mbialann Éireannach.
- Sinéad: An-deas, agus cad a rinne tú Dé Domhnaigh?
- Pól: Ní dhearna muid faic. D'imigh muid abhaile go luath ar maidin. Bhí muid ar ais i mBaile Átha Cliath tráthnóna inné ar a haon a chlog.

[06_12.mp3](#)

Téipscript

Bileog 6.12

Chuaigh mé isteach i dteach aréir
Is d'iarr mé cairde ar bhean an leanna.
Is é dúirt sí liom "Ní bhfaighidh tú deoir.
Buail an bóthar is gabh na' bhaile."

Curfá:
Níl ina lá, níl a ghrá,
Níl ina lá is ná baol ar maidin,
Níl ina lá is ní bheidh go fóill,
Solas ard atá sa ngealaigh.
Chuir mé féin mo lámh i mo phóca
Is d'iarr mé briseadh corónach uirthi.
Is é dúirt sí liom "Buail an bord
Is bí ag ól anseo go maidin."

Curfá
"Éirigh i do shuí, a fhir an tí,
Cuir ort do bhrístí is do hata
Go gcoinne tú ceol leis an duine cóir
A bheas ag ól anseo go maidin."

Curfá
Nach mise féin an fear gan chéill
A d'fhág mo chíos i mo scornaigh.
D'fhág mé léan orm féin
Is d'fhág mé séan ar dhaoine eile.

[06 13.mp3](#)

Téipscrip

Bileog 6.13

1. Chuaigh mé go Sasana ag an deireadh seachtaine. Bhí an aimsir fliuch agus fuar. Bhí sé tubaisteach.
2. D'ith mé béile i mbialann Spáinneach. Bhí an bia go deas ach bhí sé róchostasach.
3. Bhreathnaigh mé ar scannán aréir, *The Last King of Scotland*. Bhain mé sult as. Bhí sé go hiontach.
4. Chuaigh mé ag tonnmharcaíocht den gcéad uair Dé Sathairn. Thaitin sé go mór liom.
5. D'ól mé barraíocht aréir. Tá tinneas cinn orm. Tá sé go holc. Chonaic mé dráma nua sa Gate oíche Dé Sathairn. Bhí sé thar cionn.
6. Thiomáin mé carr nua mo chara Dé Máirt seo caite. Bhain mé spraoi as.
7. Tháinig mé ar ais ó mo laethanta saoire inné. Bhí am ar dóigh agam.
8. Fuair mé litir ón bhanc ar maidin. Tá mé i bhfiacha. Tá sé uafásach.
9. 10. Chuala mé albam nua Snow Patrol. Tá sé ar fheabhas.



OÉ Má Ní